Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0365(COD)**

**14598/22**
**ADD 7**

**MI 805**
**ENV 1137**
**ENT 155**
**CODEC 1709**
**IA 181**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Samhain 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2022) 360 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí agus inneall agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin i ndáil lena n astaíochtaí agus marthanacht ceallraí (Euro 7) agus lena n aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2022) 360 final.

---

Faoi iamh: SWD(2022) 360 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.11.2022
SWD(2022) 360 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

***a ghabhann leis an doiciméad***

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí agus inneall agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin i ndáil lena n astaíochtaí agus marthanacht ceallraí (Euro 7) agus lena n aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009**

{COM(2022) 586 final} - {SEC(2022) 397 final} - {SWD(2022) 358 final} - {SWD(2022) 359 final}

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| Measúnú tionchair ar fhorbairt chaighdeáin astaíochtaí Euro 7 le haghaidh gluaisteán, veaineanna, leoraithe agus busanna. |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?** |
| D'ainneoin an dul chun cinn maidir le hastaíochtaí díobhálacha trí thástáil ar Astaíochtaí Fíorthiomána (RDE) a thabhairt isteach in 2017, sainaithníodh trí phríomhfhadhb sa mheastóireacht ar chaighdeáin astaíochtaí Euro 6/VI le haghaidh gluaisteán/veaineanna agus leoraithe/busanna faoi seach, a léiríonn nach rannchuidíonn na caighdeáin atá ann faoi láthair go leordhóthanach le laghdú astaíochtaí truailleán ó iompar ar bhóthar san Aontas Eorpach: (1) Tá na caighdeáin astaíochtaí gluaisteán róchasta. (2) Tá na teorainneacha astaíochtaí truailleán atá i bhfeidhm faoi láthair imithe i léig agus tá go leor truailleán díobhálach fós gan rialáil agus tá laghduithe breise ar astaíochtaí ina bhféidearthacht leis na teicneolaíochtaí atá ann faoi láthair. (3) Níl rialú leordhóthanach ar fhíorastaíochtaí gluaisteáin thar shaolré na feithicle (e.g. ní éilítear in Euro 6 ach marthanacht 5 bliana, cé gurb ionann meánaois gluaisteán ar bhóithre an Aontais agus 10.8 bliain). D'ainneoin spriocanna 100 % $CO_2$ le haghaidh gluaisteán agus veaineanna faoi 2035, lena méadófar cion na bhfeithiclí tromshaothair le hastaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle agus na bhfeithiclí nua Euro 6d/VI E atá ag teacht isteach sa mhargadh, ní féidir leibhéal íseal truaillithe a shroicheadh le haghaidh astaíochtaí truailleán ó iompar ar bhóthar, ná le haghaidh truailleáin thraidisiúnta amhail NOx, ná cáithníní sceithphíopa ná meatáin ná le haghaidh cinn nua amhail ocsaíd nítriúil nó cáithníní nach cáithníní sceithphíopa iad ó choscáin agus boinn a bheith ann gan beann ar an inneall. |
| **Cad é ba cheart a bhaint amach?** |
| Tá dhá chúis leis an gcuspóir ginearálta, feidhmiú ceart an mhargaidh aonair a áirithiú trí rialacha níos leordhóthanaí agus níos cost- éifeachtaí a bheidh slán i bhfad na haimsire a leagan amach maidir le hastaíochtaí feithiclí; agus chun ardleibhéal cosanta comhshaoil agus sláinte san Aontas a áirithiú trí astaíochtaí truailleán aeir ón iompar ar bhóthar a laghdú a thuilleadh i dtreo truailliú nialasach, mar a éilítear sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Truailliú Nialasach, chomh tapa agus is féidir. Féachtar leis an tionscnamh seo na cuspóirí sonracha seo a leanas a bhaint amach: (1) castacht na gcaighdeán astaíochtaí Euro atá i bhfeidhm faoi láthair a laghdú chun srian a chur le costais riaracháin agus cur chun feidhme éifeachtúil a éascú; (2) teorainneacha cothrom le dáta a sholáthar maidir leis na truailleáin aeir ábhartha uile; agus (3) feabhas a chur ar rialú fíorastaíochtaí. |
| **Cad é an breisluach atá le gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?** |
| Le caighdeáin astaíochtaí Euro 6/VI le haghaidh gluaisteán/veaineanna agus leoraithe/busanna, tá reachtaíocht Aontais atá go hiomlán comhchuibhithe i bhfeidhm cheana féin. Ní dóchúil go mbeidh gníomhaíocht ar leibhéal náisiúnta nó idirnáisiúnta ina cúis le torthaí barrfheabhsaithe mar gheall go bhfuil cineál trasteorann ag truailliú aeir agus iompar ar bhóthar. Gan gníomhaíocht chomhchoiteann ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, d'fhéadfadh Ballstáit iliomad rialacha de leibhéil dhifriúla déine a ghlacadh. Mar thoradh air sin, dhéanfaí ilroinnt ar an margadh agus dhéanfaí díobháil d'fheidhmiú an mhargaidh aonair. Dá bhrí sin tá údar iomlán le gníomhaíocht an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb astaíochtaí truailleán iomarcacha ó iompar ar bhóthar. |
| **B. Réitigh** |
| **Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a ghnóthú? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?** |
| Forbraíodh roghanna beartais 1, 2a, 2b agus 3a (cuireadh as an áireamh rogha 3b maidir le hard- uaillmhian dhigiteach) i gcomhréir leis na cuspóirí sonracha. Tá sé mar aidhm le gach rogha castacht chaighdeáin astaíochtaí Euro atá i bhfeidhm faoi láthair a laghdú trí bhearta simplithe a thabhairt isteach. Soláthraítear teorainneacha astaíochtaí cothrom le dáta maidir le gach truailleán aeir ábhartha i rogha 1 le huaillmhian ghlas íseal, i rogha 2a agus 3a le huaillmhian ghlas mheánach agus i rogha 2b le huaillmhian ghlas ard. Feabhsaítear rialú ar fhíorastaíochtaí i rogha 1 trí theorainneacha um thástáil fíorthiomána le huaillmhian íseal, i rogha 2a trí theorainneacha um thástáil fíorthiomána le huaillmhian mheánach agus ceanglais marthanachta, i rogha 2b trí theorainneacha um thástáil fíorthiomána le huaillmhian ard agus ceanglais mharthanachta agus i rogha 3a trí theorainneacha um thástáil fíorthiomána le huaillmhian mheánach, ceanglais mharthanachta agus uaillmhian dhigiteach nua trí fhaireachán leanúnach ar astaíochtaí. Léiríodh le measúnú comhréireachta foriomlán ar éifeachtúlacht, éifeachtacht agus comhleanúnachas gach ceann de na roghanna gur féidir an rogha thosaíochta a chúngú chuig rogha beartais 3a le huaillmhian ghlas agus dhigiteach mheánach le haghaidh feithiclí saothair |

éadrom agus tromshaothair.

**Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara difriúla? Cé a thacaíonn leis an rogha?**

Léiríodh sa chomhairliúchán poiblí go ginearálta go bhfuil sé níos dóchúla go dtacóidh páirtithe leasmhara tionscail leis an mbonnlíne, i.e. an cás "gan aon athrú beartais" ag glacadh leis go bhfuil feidhm go fóill a Euro 6/VI; nó rogha beartais 1 le huaillmhian ghlas íseal. Go háirithe, léirigh siad imní maidir le cumas teicneolaíochta chun astaíochtaí a laghdú, go háirithe i rogha 2b. Léirigh Ballstáit agus ionadaithe sochaí shibhialta agus saoránaigh, os a choinne sin, níos mó tacaíochta do ghníomhaíochtaí sna roghanna beartais 2 agus 3 ina bhfuil uaillmhian ghlas agus dhigiteach idir meánach agus ard.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cad iad na tairbhí a bhaineann leis an rogha thosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)?**

Rinneadh measúnú ar thionchair in aghaidh bonnlíne ag glacadh leis go leanfaí le céimeanna Euro 6 d/VI E is infheidhme faoi láthair agus an togra le déanaí le haghaidh caighdeáin astaíochtaí $CO_2$ leasaithe le haghaidh gluaisteán/veaineanna. Tagraítear i rogha beartais thosaíochta 3a trí dhé- uaillmhian ghlas agus dhigiteach, tionchair shubstaintiúla dhearfacha ar shláinte phoiblí agus ar an gcomhshaol, arna gcur in iúl mar thairbhí sláinte agus comhshaoil as a saothraítear airgead lena gcumhdaítear gach truailleán go dtí 2050. Is é an príomhthiománaí do na tionchair dhearfacha seo an laghdú ar astaíochtaí díobhálacha truailleán aeir. Mar shampla, le haghaidh gluaisteán/veaineanna in 2035 ní hionann astaíochtaí NOx ach 221 kt i rogha beartais 3a, in ionad 389 kt sa bhonnlíne. Le haghaidh leoraithe/busanna in 2035 ní hionann astaíochtaí NOx ach 313 kt i rogha beartais 3a, in ionad 705 kt sa bhonnlíne. Meastar go mbeidh na laghduithe in astaíochtaí truailleán mar thoradh ar thairbhí sláinte airgeadaíochta foriomlána €56 bhilliún do ghluaisteáin/veaineanna agus €134 mhilliún le haghaidh leoraithe/busanna le linn na tréimhse 2025- 2050. Ina theannta sin, tá coigilteas costais san iomlán do chuideachtaí measta ag €4.7 billiún le haghaidh gluaisteán/veaineanna agus ag €0.6 le haghaidh leoraithe/busanna le linn na tréimhse 2025- 2050 mar thoradh ar rogha beartais thosaíochta 3a.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

Meastar go dtiocfaidh méadú ar chostais rialála foriomlána do thionscal na mótarfheithiclí sa rogha thosaíochta. Tarlóidh sé sin de bharr costais chomhlíontachta shubstainteacha a mhéadú i bhfoirm costais threalaimh le haghaidh teicneolaíochtaí rialaithe astaíochta agus na costais T&F agus calabrúcháin lena n- áirítear costais saoráidí agus uirlisithe lena mbaineann. Meastar na costais bhreise rialála foriomlána idir 2025 agus 2050 ag €35 bhilliún le haghaidh gluaisteán/veaineanna agus ag €18 mbilliún le haghaidh leoraithe/busanna. I gcás ina dtugtar san áireamh coigilteas costais measta, meastar go dtiocfaidh méadú ar an gcostas foriomlán in aghaidh na feithicle € 304 le haghaidh gluaisteán/veaineanna agus € 2 681 le haghaidh leoraithe/busanna. Ní mheastar go léireoidh costais in aghaidh na feithicle níos mó ná 2- 3 % de mheánphraghas na feithicle le haghaidh aon deighleoige i leith gluaisteán/veaineanna agus leoraithe/busanna.

**Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?**

Cé go mbíonn tionchar ag an rogha thosaíochta ar chostais monaróirí ar cuideachtaí móra iad go príomha, bheadh tionchar dearfach aige freisin ar a n- iomaíochas. Tacaíonn úsáid na dteicneolaíochtaí rialaithe astaíochtaí agus braiteoirí nua le rochtain ar phríomh- mhargaí idirnáisiúnta, go háirithe na Stáit Aontaithe agus an tSín a bhfuil ceanglais um theorainneacha astaíochtaí níos déine acu. Níl coinne leis go mbeidh tionchar ar bhealach suntasach ag na 35 mhonaróir FBM sainaitheanta – a thógann gluaisteáin go ginearálta ar bhonn gléasraí cumhachta ó mhonaróirí móra, go háirithe mar gheall go mbeidh feidhm go fóill ag an díolúine ó thástálacha áirithe le haghaidh monaróirí ísealtáirgeachta.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Mar gheall go n- eascraíonn costais rialála bhreise ó chrua- earraí agus T&F a mhéadú agus ó chostais chalabrúcháin lena mbaineann, seasfaidh monaróirí agus soláthróirí mótarfheithiclí iad. Tá coinne leis go n- aistreoidh gníomhairí tionscail na costais sin chuig a dtomhaltóirí. Ar an iomlán, níl coinne le haon tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta ná ar údaráis riaracháin náisiúnta.

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

Trí fhaireachán leanúnach ar astaíochtaí, d’fhéadfaí tuilleadh faisnéise maidir le feidhmíocht astaíochtaí feithiclí a chur ar fáil do thomhaltóirí, agus d’éascófaí brath neamhchomhlíontachta agus mífheidhme. Tá coinne leis go mbeidh tionchar dearfach aige seo ar mhuinín tomhaltóirí agus go gcuideodh sé le nósanna imeachta iniúchta ródacmhainneachta a nuachóiriú. Meastar freisin go mbeidh tionchar beagán dearfach ag an rogha thosaíochta

| |
|---|
| ar an margadh aonair le haghaidh gach feithicle, ar scileanna agus ar fhostaíocht oibrithe. Thairis sin, trí mharthanacht ceallraí infheithicle a rialáil, cuirfear chun cinn glacadh le feithiclí ina bhfuil ceallra leictreach. |
| **Comhréireacht?** |
| Téitear i ngleic sa ghníomhaíocht bheartaithe le cuspóir an tionscnaimh – uaillmhian maidir le truailliú nialasach an Aontais – gan dul níos faide ná mar is gá chun castacht na gcaighdeán astaíochtaí Euro atá i bhfeidhm faoi láthair a laghdú, lena áirithiú go mbeidh teorainneacha cothrom le dáta ann le haghaidh gach truailleán aeir ábhartha agus chun rialú ar fhíorastaíochtaí a fheabhsú. |
| **D. Iarobair** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Sainaithníodh roinnt táscairí faireacháin maidir le hathbhreithniú beartaithe ar chaighdeáin astaíochtaí Euro 7 le meastóireacht mheántéarma ar thionscnaimh 'oiriúnach do 55'. |